
# Eolas ar Anaclann Éanlaithe Fiáine Inse




Maisitheoir: Eádaín Madigan





# Réamhrá


**Hi, is mise Dippy agus is béchuil mé! Cónaím in aice uisce agus tá mé anseo ag Anaclann Éanlaithe Fiáine Inse. Tar liom go bhfeicfidh tú m'áit chónaithe agus mo chairde.**

Leis na cianta, thar 10,000 bliain, chuir an talamh agus an t-uisce thart ar Oileán agus Anaclann Inse tearmann sábháilte ar fáil do dhaoine, d'ainmhithe agus d'éanlaith.

Samhlaigh áit ina raibh daoine ag seilg agus ag cruinniú á gcoda ó chladaí an oileáin agus ón talamh máguaird. Bhí an áit seo faoi uisce tráth, áit a raibh ceol na n–éan le cloisteáil de shíor.

Seo áit ar throid taoisigh lena gcaisleán a chosaint, áit a raibh saighdiúirí ar dualgas ag coimhéad longa móra ag seoladh thart faoi na cóstaí. Le himeacht ama tháinig beocht san áit; le teacht an iarnróid agus báid farantóireachta tháinig gluaiseacht daoine agus earraí.





Tá an áit an-difriúil inniu, feiceann tú oileán, loch agus feirm de 2000 acra. Rinne daoine  a bhí ag iarraidh feirmeoireachta seo thar 160 bliain ó shin. Thóg siad dhá chlaífort chun an taoide a choinneal siar agus ceann eile chun an loch a scaradh ón fheirm. Tá Anaclann Éanlaithe Fiáine Inse anois mar chuid den talamh seo atá aisghafa ón fharraige.



Tar liom agus cuir aithne ar ár gcairde cleiteacha a chónaíonn anseo ag amanna éagsúla den bhliain.


Sa Gheimhreadh déanann suas le 13,000 éan á mbaile in Inis. Is féidir leat an Eala Ghlórach mhaorga agus an Gé Ghlas a fheiceáil ag eitilt os cionn talaimh agus uisce agus ag ithe sna cuibhrinn in aice láimhe. Sa samhradh feicfidh tú na Gabhláin Ghaoithe ag lascadh agus ag damhsa tríd an spéir ag lorg bia agus a mbeathú féin ar chuileoga. Gheobhaidh tú an Chorr ina seasamh ar bhruach an locha ag iascaireacht. Feictear na Pilibíní sna cuibhrinn máguaird ag cuardach bia san fhéar. Tá éan beag speisialta againn anseo; Geabhróg Scothdhubh a thagann gach samhradh rith an bhealaigh as an Afraic chun neadacha a dhéanamh agus áit shábháilte a fháil dá scallamáin.

Fáilte go tearmann fiadhúlra Inse, tar ar thuras ar an tírdhreach seo atá beo le ceol na n-éan agus fuaim an locha.



# Bogaigh

An bhfuil a fhios agat cad é “Bogach”? Is féidir le bogach a bheith chomh beag le slodán nó chomh mór le loch mór. Tá nod san ainm ‘bogach’ áit a dtagann uisce agus talamh le chéile;- Talamh fliuch bog. Is féidir le bogach a bheith ina choirnéal fhliuch i bpáirc nó ina Anaclann Éan Fiáine cosúil leis an bhogach seo in Inis. An bhfuil tú ábalta smaoineamh ar bhogach ar bith eile?






Is sár-bhogach atá in Anaclann Éanlaithe Fiáine Inse atá cosanta ag an Dlí mar gheall ar Ghnáthóga Bogaigh agus na héin speisialta a thagann ar imirce agus chun pórú anseo. Déantar bainistiú ar na gnáthóga chun iad a dhéanamh níos oiriúnaí do na plandaí, feithidí, éin agus ainmhithe a chónaíonn nó a thagann ar cuairt anseo.



Dá mbeifeá le siúl thart ar Anaclann Inse, ghlacfadh sé thart ar 2 uair an chloig, tá an imlíne thar 8 gciliméadar. Tá achar an locha 179 heicteár agus tá 95 heicteár de thalamh féarach fliuch ann. Tá an suíomh mór! thar 274 heicteár ina iomláine!

## An gceapann tú go bhfuil "Bogaigh" chomh tábhachtach sin agus gur fiú iad a chosaint?


Smaoinigh ar feadh nóiméad, tá uisce riachtanach do gach beatha, gach planda, gach feithide, gach éan agus gach ainmhí. An raibh a fhios agat go bhfuil sé de dhíth le haghaidh i bhfad níos mó ná mar dheoch? Tá sé riachtanach le haghaidh cothú, nigh, pórú, cosaint, imirce, geimhreachas, foscadh ............... **smaoinigh ar shamplaí eile.**

Tá cuid de na leibhéil bhithéagsúlachta is airde ar domhan sna bogaigh. Tá sé éagsamhalta an saibhreas ainmhithe agus plandaí a chothaíonn siad.

Táimid ag cailleadh bogaigh ar fud an domhain agus dá bharr seo tá an fiadhúlra dúchasach a mbrú isteach i mbogaigh atá ag éirí níos lú agus níos lú rud a fhágann coimhlint mhór le bheith beo i spás beag.

Tá orainn oibriú go an-dian chun na bogaigh speisialta seo a chosaint chun go mbeidh go leor spáis agus áit shábháilte ag ár bplandaí, feithidí, éin agus ainmhithe le bheith beo anois agus sa todhchaí.






# Éan-bhreathnóireacht

Anois i ndiaidh duit bualadh le cuid éin Anaclann Inse, faigh déshúiligh agus féach an féidir leat iad a spotáil. Amharc céard atá na héin a dhéanamh – agus cén chuma atá orthu? Cén cineál iompar atá acu? Cén stíl eitilte nó snámha atá acu? An mbíonn siad ag siúl nó ag tumadh?



Ní maith le héin torainn arda, bí chomh ciúin agus is féidir leat. Mar is faide óna héin atá tú is amhlaidh is fearr. Feictear á n-iompar go nádúrtha nuair nach bhfuil daoine thart.

Tá éin an-airdeallach faoi ghluaiseacht thart orthu mar gheall ar chuid mhór creachadóirí cosúil le cait nó seabhaic. Mar gheall ar seo tá sé níos fusa iad a bhreathnú ó fholachán éan nó as cúl plandaí.



Cuir do dhéshúiligh in oiriúint do radharc do shúil féin. Is féidir iad a shocrú ag an tsúilphíosa agus ag an roth beag ag barr. Cuidíonn seo leat do radharc a dhíriú go mbeidh sé breá soiléir. Is déshúiligh cuid an-tábhachtach de threalamh breathnóra éan.




# Geabhróg Scothdhubh

Ceann de na cuairteoirí samhraidh is tábhachtaí a thagann go hInis ná an Gheabhróg Scothdhubh. Tugtar “Fáinleog Fharraige” mar ainm eile air uaireanta mar gheall ar go mbíonn cruth fáinleoige air nuair a bhíonn sé ag eitilt.

Tá speiceas na nGeabhróg Scothdhubh faoi bhagairt go domhanda agus mar sin de tá siad ar na cuairteoirí is mó a mbíonn fáilte rompu go hInis. Tagann siad anseo san Aibreán gach bliain agus imíonn siad sa Mheán Fhómhair nó i nDeireadh Fómhair ag brath ar an aimsir. Cuireann siad tús lena n-aistear fhada chun na hAfraice Thiar áit a gcaitheann siad an geimhreadh agus ansin tagann siad ar ais chugainn san Earrach.


Tá thar 400 péire Geabhróg Scothdhubh ag pórú ar oileán beag sa loch anseo ar ardán atá lámhdhéanta as gaineamh, clocha agus cláir adhmaid. Tugtar “Paddy’s Island” ar an oileán beag go háitiúil ach níl a fhios ag aon duine cérbh é Paddy! Beireann an Gheabhróg Scothdhubh ubh nó dhó gach bliain agus cothaíonn siad na scallamáin ar chorra gainimh a fhaigheann siad in uiscí foscúla agus éadomhain Loch Súilí.



Tá ainm aisteach ar an Gheabhróg Scothdhubh sa Bhéarla “Sandwich Tern” Tuigtear dúinn go bhfuil baint ag seo le háit i Sasana, Sandwich – ní ceapaire!







# Pilibín

Is éan álainn talaimh feirme é an Pilibín agus tá sé ina chónaí in Anaclann Éanlaithe Fiáine Inse i rith na bliana. Is cineál speisialta éin é an Pilibín ar a dtugtar lapaire, rud a chiallaíonn go bhfuil cosa fada agus ladhracha caola aclaí air chun siúl go réidh tríd thalamh báite, cuibhrinn faoi thuilte agus cladaigh lábánacha.

San Anaclann is féidir an Pilibín a fháil ag neadú ar chiumhais an locha nó ar thalamh féaraigh nó tríd dhruileanna barra mar phrátaí nó meacain. Déanann an t-éan fireann an nead san Aibreán de ghnáth, nead an-simplí, log scríobtha isteach sa talamh. Beireann an chearc 3-4 ubh agus tiocfaidh na sicíní i gceann 4 seachtainí. Bíonn na sicíní ina liathróidí beaga cleiteacha puirtleogacha ach bíonn cosa iontach mór orthu agus tá siad in ann rith cúpla nóiméad tar éis breith! Má théann tú cóngarach den nead tá cleas glic ag an Philibín, cuireann sé i gcéill go bhfuil a sciathán briste chun d'aird a thabhairt ar shiúl óna sicíní.

Tá cleití galánta ar an Philibín a athraíonn dath sa solas....dath-lonrachas a thugtar ar seo agus athraíonn dath na gcleití ó chorcra go glas i solas na gréine.  Tá curca galánta cleiteach ar mhullach a gcinn a sheasann suas mar choróin.  Cuireann cuid eiteoga cruinn-sciathánach agus mall-bhuillí eitilte cuma fhalsa ar an Philibín.  Má chuireann tú as dóibh pléascann dreabhlán Pilibín suas sa spéir ina scuad léimneach dubh agus geal.

**Tugtar Peewit mar ainm eile ar an Philibín mar gheall ar an scread ghéar a dhéanann sé sa spéir "Peeeewwwwit"**







Is maith le Pilibíní cuibhrinn threafa agus fhliucha in aice an uisce mar go bhfuil a lán bia le fáil anseo. Itheann Pilibíní feithidí agus mion-ainmhithe eile mar chruimhe, cuiteoga, damháin alla agus seilidí. Tá siad ina gcuidiú mór ag feirmeoirí mar go n-itheann siad feithidí a dhéanann damáiste de bharra. Itheann Pilibíní san oíche – cén fáth? Chun creachadóirí mar na sléibhíní a sheachaint agus tá cuid mhór feithidí nach dtagann amach ach sa dorchadas.



Bhí an Pilibín an-choitianta ar thailte feirme tráth ach tá an líon ag titim go mór mar gheall ar dhraenáil talaimh agus ar chaillteanas gnáthóg.

## An féidir leat pictiúr de Philibín a tharraingt?



# An Maoirseoir Fiadhúlra




Hi, is mise an Maoirseoir Fiadhúlra anseo ag Anaclann Éanlaith Fiáine Inse. Ceann de na dualgais is tábhachtaí atá orm ná na Geabhróga atá ag pórú agus ar gor a chosaint.

Tá gach speiceas Geabhróg an-dílis go deo dá n-áit agus déanann siad á nead san áit cheannann chéanna gach bliain! Tá seo maith ar dhóigh amháin mar go mbeidh a fhios againn cén áit a bhfuil siad. Ach tá seo dainséarach áfach mar go neadaíonn siad sa ghaineamh ar imeall an uisce agus tá síor chontúirt ann go n-ardóidh leibhéal an uisce agus go scriosfar an nead. Chun seo a sheachaint d'ardaigh muid leibhéal an ghainimh trí ardán de leath mheadar os cionn mheán leibhéal an uisce a thógáil.



Gach Meitheamh téann muid isteach ar an oileán chun na huibheacha agus na neadacha a chuntas agus tar éis cúpla seachtain cuireann muid 'fáinne' ar na sicíní! Roghnaíonn muid lá gréine faoi choinne gan na sicíní éirigh fuar agus ní féidir linn ach am gairid a chaitheamh ar an oileán.








Anseo in Anaclann Inse táimid ag marcáil éin le fáinní beaga miotail le os cionn 30 bliain le cuidiú ó oibrithe deonacha. Cuirtear na fáinní ar chosa na n-éan ag cúpla seachtain d'aois. Tá uimhir aitheanta uathúil ar fháinne gach éan. Tugann seo an-chuid eolais dúinn nuair a fheictear na héin arís nó nuair a ghabhtar iad. Fuaireamar tuairiscí go raibh na héin seo in áiteanna mar Freetown i Siarra Leon san Afraic Thiar agus i Rinn an Dóchais san Afraic Theas!

Dualgas an-tábhachtach eile atá ar Mhaor Inse nó a chinntiú go mbíonn cuairt shultmhar, shábháilte agus go háirithe oideachasúil ag cuairteoirí. Caithfear a chinntiú go mbíonn na cosáin, carrchlóis agus folacháin éan glan agus coinnithe go maith. Déantar seo le cuidiú an airígh agus oibrithe deonacha a chuidíonn an áit a choinneáil taitneamhach do chách. Corr uair déanann daoine rudaí nár chóir dóibh; in amanna cuireann siad isteach ar na héin, fágann siad bruscar, ligeann siad do mhadraí rith saor agus mar sin de tá sé an-tábhachtach oideachas a chur orthu. Caithfear nósanna daoine a athrú chun Anaclann Inse a choinneáil ina áit speisialta, agus bheadh muid buíoch as do chuidiú!









# An Eala Ghlórach


Níl ach seacht speiceas eala ar domhan! Nuair a bhíonn siad ag eitilt ina ngrúpa bíonn cruth agus eagar orthu mar phíosa pizza nó ding de cháis agus glaoitear 'wedge' sa Bhéarla ar ealta eala.

Itheann an Eala Ghlórach plandaí uisce agus tá marc cineál oráiste ar a muineál ó bheith ag tumadh faoin uisce. Feictear é ag ithe san fhéar fhada fosta agus itheann sé prátaí a bhíonn fágtha ar thalamh treafa.


Na healaí a fheictear in Anaclann Inse is san Íoslainn a phóraíonn siad i rith an tsamhraidh. Déanann siad á neadacha ar bhruacha uisce éadomhain ar imeall na farraige.

Tagann an Eala Ghlórach go hÉirinn i mí Dheireadh Fómhair agus imíonn ar ais chun na hÍoslainne san Aibreán. Cén fáth i do bharúil a dtéann siad ar imirce?

Níl fiacla ag éin ach tá imeall spiacánach ar ghob an eala chun cuidiú leis greim a fháil ar fhear agus é a tharraingt amach as an talamh.




Tá cluimhreach agus cleití difriúla ar na healaí óga. Cleití liath agus gob oráiste agus dubh ar an eala óg. De réir mar a fhásann siad suas athraíonn seo. Bíonn cleití geal-bán agus gob dubh agus buí ar an eala fhásta. Bíonn cruth triantánach ar an pháirt bhuí den ghob agus téann sé thar na polláirí. Bíonn callán mór acu agus iad ag scairteadh 'whoop whoop' go hard. Sin an fáth gur Whooper Swan a ghlaoitear ar an Eala Ghlórach.



Tá cleas cliste ag sicín an eala le  cuidiú leis theacht amach as an ubh. Nuair atá an eala bheag réidh fásann sé uirlis bheag cosúil le fiacail ar bharr a ghoib.  Cuidíonn an gléas seo leis an blaosc a scoilteadh agus tagann sé amach. Titeann an ‘fhiacail’ bheag seo de tar éis cúpla lá nuair nach bhfuil gá  leis níos mó.

## Tarraing pictiúr d’eala





## Imirce

An maith leat ag taisteal nó ag dul ar saoire? Cén fáth go dtéann muid ar saoire? An ar lorg aimsire níos fearr nó faoi choinne sos deas? An chun teaghlach a fheiceáil? Céard a bhíonn de dhíth ort ar thuras fhada?

Ciallaíonn imirce go mbogann ainmhithe ó pháirt amháin den domhan go páirt eile chun an áit is fearr le bia, pórú, neadú, agus scíth a aimsiú. Díreach mar is gá dúinne sosanna a ghlacadh ar thurais fhada, déanann na hainmhithe an rud céanna agus is éachtach na turais a dhéanann éin i mbliain amháin.

## Gabhlán Gaoithe

Tagann na Gabhláin go hÉirinn i ndeireadh an Aibreáin nó i dtús na Bealtaine agus ní fhanann siad ach go bpóraíonn siad.  Cuirtear tús le himirce an Fhómhair i ndeireadh mhí Iúil nó tús Lúnasa. Is ganntanas feithidí san aer a spreagann an imirce agus ní bhíonn mórán Gabhláin fágtha i mí Mheán Fhómhair.

Gluaiseann ár gcuid Gabhláin síos i dtreo na Fraince agus na Spáinne agus caitheann siad an geimhreadh san Afraic, ó dheas den Sahára áit a leanann siad an bháisteach chun leas a bhaint as flúirse feithidí.  Eitlíonn na héin seo thar 14,000 míle gach bliain!



# Eala Ghlórach

Faightear an Eala Ghlórach ar thailte feirme in aice an chósta, ar pháirceanna faoi thuilte, ar réileáin láibe, lochanna, locháin bheaga áit a bhfaigheann siad cothú i rith an gheimhridh.

Tagann an chuid is mó acu anseo ón Íoslainn agus bíonn siad ag eitilt iontach ard sa spéir le linn an turais. Chonaic píolóta eitleáin ealta eala sa spéir ag airde de 8,000 troigh agus meastar gur an Eala Ghlórach a bhí ann.

Is gá cosaint a dhéanamh ar na hinbhir agus na bogaigh ina nglacann siad sos ar a dturas nó ina gcaitheann siad an geimhreadh. Anseo ag Oileán Inse tá suas le 7,000 Eala Ghlórach ag dul trí nó ag glacadh scíth agus iad ar a mbealach ó dheas.  Caitheann suas le 500 acu an geimhreadh anseo.






## Geabhróg Scothdhubh

Déanann an Gheabhróg turas iontach fada go hÉirinn ó Iarthar na hAfraice. Tagann siad anseo ó Mhárta go Meán Fómhair chun neadú i ngrúpaí móra ar a nglaoitear ‘coilíneachtaí’.

Fágann siad a gcoilíneachtaí a luaithe agus atá eitilt ag na héin óga. Ó mhí Iúil ar aghaidh tosaíonn siad a chruinniú ina n-ealta móra sula n-imíonn siad chun na hAfraice sa Mheán Fómhair.

Tá cáil ar an Gheabhróg Artach, gaol den Gheabhróg Scothdhubh, mar gheall ar an imirce fhada a dhéanann sé; fágann sé a áit pórú san Artach agus téann sé ar imirce go dtí an tAntartach agus tagann sé ar ais arís gach bliain! Turas de 43,000 míle!

## An Gé Ghlas

Tagann na mílte Géanna Glasa ar cuairt go hÉirinn gach Deireadh Fómhair. Tagann siad anseo as an Íoslainn áit a bpóraíonn siad. Caitheann siad an geimhreadh anseo sula dtéann siad ar ais chun an Íoslainn chun pórú.  Tagann suas le 3,000 Gé Ghlas trí Anaclann Inse agus fanann an chuid is mó acu go dtí an t-earrach.







# Cuardach Focal


| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| i | a | g | b | é | l | m | c | p | c | e |
| d | m | c | t | u | r | t | á | d | o | a |
| d | f | i | ó | s | r | i | p | é | r | l |
| g | r | e | r | p | r | t | ó | s | r | a |
| t | é | t | n | c | b | s | r | h | r | g |
| p | í | g | ó | b | e | g | d | ú | é | h |
| g | a | b | h | l | á | n | p | i | i | l |
| p | s | ú | e | l | o | c | h | l | s | ó |
| t | r | d | c | s | a | m | l | i | c | r |
| e | a | m | g | c | u | s | t | g | b | a |
| p | i | l | i | b | | n | r | h | f | c |
| s | n | p | l | i | t | l | b | g | r | h |
| f | o | l | a | c | h | á | n | é | a | n |

imirce    páirc    loch    eala ghlórach    gé ghlas


gabhlán    pilibín    déshúiligh    folachán éan    corr réisc



# Saintréithe Éan




Bíonn cosa éagsúla  ar éin ag brath ar an chineál éan agus cad a dhéanann siad. Tá crúba le ladhracha fada spréite ar éin mar Corr Réisc chun nach suncálann siad sa lábán.  Tá cosa scamallacha ar an Gheabhróg, Eala agus ar an Ghé rud a chuidíonn leo snámh agus lapadaíl.



Crúba





Cosa Scamallacha



Tugann an gob atá ar éan eolas dúinn ar cén cineál bia a itheann sé. Tá gob gairid géar ar an Gheabhróg  agus tumann sé faoin uisce chun greim sciobtha a fháil ar iasc.  Tá gob fada géar ar an Chorr Réisc agus sánn sé é ó imeall an uisce chun greim a fháil ar iasc. Tá amharc súl iontach maith acu fosta agus priocann siad an t-uisce an soicind a fheiceann siad loinnir na slantrach san uisce. Tá maol-ghob leathan, cuarach ar an Eala agus ar an Ghé rud a chuidíonn leo plandaí a tharraingt amach as an talamh.










# Corr Réisc

## Tomhais:  Cad é atá ard, caol, liath agus gasta agus gob fada géar air fosta?

An Chorr Réisc ar ndóigh!

Itheann siad gach rud a shnámhann, a léimeann, a eitlíonn nó a thumann áit ar bith i ngar dá ngob fada láidir! Gach rud! Chonaic mé iad ag ithe froganna, iasc, séaclaí agus eascanna agus fiú chonaic mé iad ag ithe éin bheaga a bhí ag snámh thart leo. Tá foighne ar dóigh acu agus is féidir leo seasamh an-chiúin, gan cleite a bhogadh, lena gcosa fada san uisce fuar ar feadh tamaill an-fhada. Agus nuair a bhuaileann siad bíonn siad faoi lánluas!

Bíonn saol crua ag an Chorr Réisc ina óige.  Tógann na tuismitheoirí nead an-mhór thuas an-ard sna crainn in aice le neadacha Chorr Réisc eile. Caitheann na héin óga suigh faoi gach cineál aimsire ar feadh seachtainí! Ansin nuair atá  siad mór go leor le heitilt cuireann na Corra Réisc fhásta an ruaig orthu! Tá áit seilge bia do féin ag gach Corr Réisc agus má théann Corra óga isteach ar chríoch nach leis cuirfear an tóir air láithreach. Ach nuair a fhaigheann siad a gcríocha féin, is féidir leo bheith beo go sona sásta in aice a chéile ar feadh fiche bliain nó níos faide!









Tá siad ar cheann de na héin is mó in Éirinn.  Tá réimse de 2 mheadar acu nuair atá a sciatháin spréite! Cónaíonn siad in áit ar bith a bhfuil uisce.  Chonaic mise iad ar chósta lábánach Chiarraí, i bhfolach sa ghiolcach in aibhneacha Dhún na nGall agus sna páirceanna poiblí is fearr i gCathair Bhaile Átha Cliath!  Éist amach don ghrágaíl iontach a bhíonn acu san oíche. Má chloiseann tú é bí cinnte go bhfuil an Chorr Réisc thart!!







# An Gabhlán Gaoithe

Tá an Gabhlán Gaoithe dochreidte! Éan iontach ar fad! Tá siad ar a cheann de na héin is gasta ar domhan agus ní thuirlingíonn siad ar talamh ach go hannamh! Codlaíonn siad agus iad ag eitilt, beireann siad ar bhia agus itheann agus iad ag eitilt! Fiú faigheann siad ábhar le nead a dhéanamh agus iad ag eitilt!

Ní thuirlingíonn siad ach le tús a chur le teaghlach. Déanann siad neadacha faoi dhíonta sean tithe.  Faigheann siad gach rud san aer don nead; cleití, cluimhreach agus píosaí de ghréasáin damhán alla.  Greamaíonn siad seo go léir le chéile lena gcuid seile ghreamaithe. Is seile an t-uisce a bhíonn i gcónaí i do bhéal.  Nead sheascair!

Bíonn ar na Gabhláin oibriú go crua le greim a fháil ar dhóthain feithidí chun na scallamáin a chothú. Bíonn na scallamáin an-bheag ar fad; thart ar leath méid d'ordóige agus i ndiaidh cúpla seachtain bíonn siad fad do láimhe. Nuair a thosaíonn na scallamáin ag eitilt caitheann siad foghlaim go han-tapa an dóigh le greim a fháil ar fheithidí dóibh féin.












An rud is iontaí ar fad faoi na Gabhláin Ghaoithe ná; nuair a eitlíonn na scallamáin as an nead ní thuirlingíonn siad go ceann dhá bhliain. Ní leagfaidh siad cos ar talamh go dtí go bhfuil siad réidh lena dteaghlaigh féin a bheith acu!

Eitlíonn na Gabhláin Ghaoithe an oll-mhéid mílte. D'eitil Gabhlán le déanaí ón Bhreatain trasna na hEorpa agus thar an Afraic go léir. Chaith sé an geimhreadh ag eitilt ó thír ar a dtugtar An Ghuine ar thaobh amháin den Afraic go tír ar an taobh eile ar a dtugtar An Chongó.




An féidir leat na tíortha seo a aimsiú ar léarscáil? Tháinig an Gabhlán Gaoithe céanna san Earrach ón Chongó go dtí an Bhreatain i gcúig lá. Sin thar 1,000 km sa lá, dhá oiread fad na hÉireann!



Ní thagann Gabhláin Ghaoithe anseo ach ar feadh cúpla seachtain, ó Bhealtaine go hIúil. Tá dúil mhór acu anseo i gceantar Inse mar go bhfuil cuid mhór cuileoga agus feithidí blasta ann le hithe sa Samhradh. Nuair a thagann siad cloiseann tú iad sula bhfeiceann tú iad; tá grágarsach an-ard acu. An t-am is fearr chun iad a fheiceáil ná luath ar maidin nó mall tráthnóna. Idir an dá linn bíonn siad go hard sa spéir ag cuardach agus ag ithe feithidí. Tá súil agam nach n-itheann siad mise!







# An Gé Ghlas

Seo Gary an Gé Ghlas. Tá sé ina chónaí san Íoslainn ach tagann sé ar cuairt go hÉirinn sa gheimhreadh chun éalú ón fhuacht.

Is féar, duilleoga agus sifíní is mó a itheann na héin seo agus is minic a fheictear iad ag innilt i measc an eallaigh agus na gcaorach anseo ag Anaclann Éanlaithe Fiáine Inse. Is luibhiteoirí iad rud a chiallaíonn nach n-itheann siad ach plandaí.

Tógann an Gé Ghlas a nead ar imeall locha, i bhfolach go maith sa ghiolcach chun iad a chosaint ar chreachadóirí. An féidir leat smaoineamh ar ainmhí ar bith a d'íosfadh gé agus uibheacha? Leid: Tá cuid mhór ainmhithe thart faoi Oileán Inse – Daoine, cait, minc agus ár madra rua dúchasach; an sionnach.

Tá cleití liath-dhonna agus bhána ar na héin seo, idir chailíní agus bhuachaillí. Tá brollach an ghé níos gile ná an droim agus tá a gcosa cineál pinc agus tá an gob oráiste. Tá grágarsach acu cosúil le gnáth ghé tí.

De ghnáth feiceann muid na Géanna Ghlasa in Éirinn idir Deireadh Fómhair agus Aibreán gach bliain. Cosúil leis an Eala Ghlórach, filleann siadsan freisin ar an Íoslainn nuair a bhíonn an Geimhreadh thart.



Neamhchosúil le speicis eile d'éin bhogaigh, fanann an gé fireann, sé sin an gandal leis an teaghlach. Góislín a thugtar ar ghé óg. Bíonn an teaghlach ag taisteal le chéile ar an turas ar ais na hÍoslainne agus ní chuireann an gandal an ruaig ar na góislíní ach nuair atá sé féin agus an gé baineann réidh le baile nua a fháil don chéad éillín eile.




Tá na héin ghalánta seo ar cheann de na speicis ar a gcuirimid coiléar chun go mbeidh daoine in ann iad a aithint. Breathnaigh ar AAJ anseo – seo ceann dár gcuid éin ar cuireadh coiléar air anseo ag Inis i 2012! Thaisteal sé ó Loch Súilí in Éirinn agus chonacthas é lena theaghlach i 2012 agus 2013 i Dumfries in Albain.

**Scríobh dán gairid faoin Ghé Ghlas:**





# Ag cuidiú le héin sa bhaile agus ar scoil

**Is iontach an rud cuidiú le héin agus faigheann tú amharc i bhfad níos fearr orthu!**

Ar dtús smaoinigh ar cén cineál cuidiú atá uathu. Déanann éin rudaí difriúla gach séasúr mar sin amharcaimid ar na séasúir.

## Geimhreadh

Bíonn na héin bhochta préachta leis an fhuacht agus stiúgtha leis an ocras.  Imíonn cuid mhaith éin go dtí na tíortha teo ach do na cinn atá anseo is mór an cuidiú bia maith a fhágáil amuigh dóibh. Cuimhnigh nach bhfuil arán maith dóibh agus tá salann an-olc! Seo am maith le boscaí éin a ghlanadh agus a dhaingniú.

## Earrach

Seo séasúr neadú. Bíonn na héin gnóthach ag ceol, ag seinm, ag tógáil neadacha agus ag cuardach bia dá scallamáin. An bhfuil a fhios agat go dtugann éin bheaga mar an Meantán Gorm bia do na scallamáin thar 1,000 uair sa lá! Mar sin lean ar aghaidh ag fágáil amuigh bia dóibh, is obair chrua é scallamáin a chothú. Ní ceart duit dul  ró-ghar de nead ar bith, fág iad, ní maith leis na héin muid cuir isteach orthu ag an am iontach gnóthach seo.

## Samhradh

Bíonn cuid mhór mhór éin óga thart sa Samhradh. Lean ar aghaidh ag tabhairt bia dóibh más féidir leat agus cuimhnigh an beathadán éan a ghlanadh ó am go ham ar mhaithe le sláinte na scallamán. An rud is tábhachtaí den iomlán ná gan ligeann do dhuine ar bith crainn nó fálta a ghearradh anuas. Tá siad de dhíth ar na héin faoi choinne bia agus foscadh fiú nuair atá siad réidh leis an nead.

## Fómhar

Seo am an-mhaith le boscaí neadaireachta a chur in airde. Ná cuir boscaí ag taobh a chéile – is maith leo spás nuair atá siad ag tógáil teaghlaigh. Coinnigh an beathadán éan píosa amach óna boscaí neadaireachta. Cuir aghaidh an bhosca i dtreo ó thuaidh sa dóigh is nach mbíonn sé ró-thé in aimsir mhaith. Iarr cuidiú le compás a úsáid chun ó thuaidh a aimsiú. Cuidiú mór eile ná féar fada agus plandaí a bhfuil síolta iontu a fhágáil amuigh dóibh, tá na síolta seo iontach maith ag na héin.

### Mo smaointe chun cuidiú le héin

# Beathadán Éan

**Tá beathadán éan an-éasca, saor agus taitneamhach le déanamh. Seo na rudaí a bheidh de dhíth ort:**

- 1 x cipín beag (níos lú ná 30cm) nó cón péine oscailte
- 1 x bloc blonaige gan salann, bog, ag teocht seomra
- 1 x lán cráige de bhrachán nó min coirce
- 1 x lán cráige rísíní nó cuiríní
- 1 x sreangán
- píosa páipéar bácála nó páipéar donn 130cm x 30cm. Naprún (slupairt!)

## Modh:

Ceangal an sreangán don chipín nó don chón péine. Bealaigh ¼ den bhlonag thart ar an chipín nó smeadráil é isteach in eangaí an chóin. Tá sé an-tábhachtach blonag gan salann a úsáid mar go bhfuil salann an-olc ag éin. Brúigh na rísíní nó cuiríní isteach sa bhlonag. Clúdaigh iomlán leis an mhin choirce agus cuach suas é sa pháipéar agus fág sa chuisneoir é thar oíche.

Tóg amach é ansin agus croch ar chrann nó ar sconsa, déan cinnte nach bhfuil cat ar bith thart. Suigh siar agus breathnaigh na héin ag baint suilt as an bhia!



# Céard a chonaic tú?



Coinníonn na breathnóirí éin is fearr taifid de na speicis a fheiceann siad. Fiú tá comórtais idirnáisiúnta ann don mhéid is mó speicis a aimsítear i dtréimhse áirithe. Is féidir le taifeadadh ar do chuid éan bhreathnóireachta cuidiú leis an staidéar eolaíoch a amharcann ar dáileacháin éan ar fud an domhain.

## Cé mhéad de na héin seo a chonaic tú?


| | | | |
|---|---|---|---|
| Gé Ghlas | | Geabhróg Scothdhubh | |
| Eala Ghlórach | | Pilibín | |
| Broigheall | | Corr Réisc | |
| Gabhlán Gaoithe | | Sléibhín | |

Áit: Dáta:

Am: Aimsir:

Is féidir leat do chuid eolais a thaifead ar líne:
www.birdwatchireland.com www.biodiversity.com

## Tarraing pictiúr éin



# Feirmeoireacht agus Fiadhúlra




**Is limistéar faoi chosaint speisialta d'éin atá in Anaclann Éanlaithe Fiáine Inse agus tá sé timpeallaithe le feirm oibrithe. Tá meascán de bharra prátaí, meacain dhearga, eorna agus cruithneacht ar an fheirm. Tá páirceanna móra féir agus ba bhainne ar an fheirm chomh maith.**

Oibríonn an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra leis na feirmeoirí áitiúla chun cinntiú go bhfuil go leor féir ann do na Géanna agus na hEala a thagann anseo faoi choinne bia gach geimhreadh.  Bíonn na feirmeoirí iontach cúramach i rith an earraigh agus sa samhradh gan cur isteach ar na héin atá ag neadú.

Tá an t-aoileach a fhágann an t-eallach ar an talamh an-úsáideach mar go dtarraingíonn sé ciaróga, creabhair agus feithidí eile a athchúrsálann an t-aoileach ar ais isteach sa talamh.  Is bia iad na feithidí chomh maith do na Pilibíní agus na scallamáin.

Tá feirm an Ghrianáin cáiliúil in Éirinn mar go raibh sé ar an fheirm a ba mhó sa tír tráth. Tá cuid de na páirceanna anseo níos mó ná meán fheirm iomlán! Tá a fhios agatsa cheana féin gur áit speisialta é dá bharr na héin a tharraingíonn sé, cén fáth i do mheas, go bhfuil dúil mhór ag na héin anseo? Seo roinnt smaointe:

- Braitheann siad sábháilte sna páirceanna móra mar gur féidir leo feiceáil thart uathu
- Is maith leo ag ithe féir agus fuílleach barra mar phrátaí
- Tá sé in aice na hAnaclanna áit gur féidir leo eitilt ar ais ann má scanraítear iad nó má chuirtear isteach orthu
- Tá an fheirm orgánach, mar sin ní bhíonn mórán innealra thart agus tá níos lú ceimicí á n-úsáid ar an talamh.







## An féidir leat smaoineamh ar thuilleadh?


Úsáidtear feirmeoireacht agus bainistiú talún ar mhaithe leis na héin agus na hainmhithe atá ina gcónaí anseo ag Anaclann Éanlaithe Fiáine Inse. Le linn deireadh earraigh agus sa samhradh cuirtear an t-eallach ar innilt ar imeall an locha leis an fhéar agus plandaí eile a choinneáil ag an airde cheart don Philibín agus éin eile a neadaíonn ar an talamh. Coinnítear an líon eallaigh íseal go leor chun an talamh féarach a choimhéad agus fosta chun na héin a bheith in ann neadú go sábháilte gan aon choiscriú a bheith fúthu.

**Seo modh traidisiúnta buailteachais samhraidh ina réitíonn an fheirmeoireacht agus caomhnú dúlra le chéile go maith. Tá ár gcomhoibriú de dhíth ar Anaclann Éanlaithe Fiáine Inse chun é a chaomhnú agus chun a stair agus a thodhchaí a chosaint. Is féidir leatsa cuidiú tríd an scéal a scaipeadh faoin áit speisialta seo! Inis do do theaghlach agus do chairde faoi.**




Tiomnaithe i ndíl chuimhne Judit Kelemen, nach ligtear a paisean don éiceolaíocht agus don oideachas i ndearmad go deo.






Scríofa ag: Andrew Speer, Lee McDaid, Clare Bromley, Marina Mulligan, Aengus Kennedy, Linda Langford, Ryan Lavery agus Noreen Boyle.

Aistrithe ag: Gráinne Mhic Géidigh.





An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta

Department of Arts, Heritage, Regional, Rural and Gaeltacht Affairs

INCH WILDFOWL RESERVE